


# Cigireacht Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta



Cigireacht Oideachais  
agus Oiliúna

Measúnú ar an chlár samhraidh  
foghlaim teanga a sholáthair  
Foras na Gaeilge i 2012-13

**eti**

*The Education and Training Inspectors -  
Promoting Improvement*

Providing Inspection Services for

Department of Education  
Department for Employment and Learning  
Department of Culture, Arts and Leisure

CUSTOMER  
SERVICE  
EXCELLENCE



## Téarmaí cainníochtúla

Sa tuairisc seo, d'fhéadfaí cur síos ar chion ina chéatadáin, ina gcodáin choiteanna agus i dtéarmaí cainníochtúla níos ginearálta. Nuair a úsáidtear téarmaí níos ginearálta, ba chóir iad a léirthuiscint mar seo a leanas:

|                    |   |                |
|--------------------|---|----------------|
| Beagnach gach      | - | níos mó ná 90% |
| Bunús              | - | 75%-90%        |
| Tromlach           | - | 50%-74%        |
| Mionlach suntasach | - | 30%-49%        |
| Mionlach           | - | 10%-29%        |
| Roinnt bheag       | - | níos lú ná 10% |

## Leibhéil feidhmíochta

Úsáideann an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI) na leibhéil feidhmíochta seo a leanas i dtuairiscí:

| Leibhéal Feidhmíochta |
|-----------------------|
| Ar Fheabhas           |
| An-mhaith             |
| Maith                 |
| Sásúil                |
| Easnamhach            |
| Míshásúil             |

## Modh cigireachta agus bonn fianaise

Tá na buncheisteanna agus táscairí cáilíochta atá mar threoir do chigireacht agus féinmheastóireacht ag forais atá maoinithe ag DCAL, a feidhmíodh sa chigireacht seo, ar fáil i bhfoilseachán na cigireachta, *Quality Indicators for Culture Arts and Leisure Organisations* <http://www.etini.gov.uk/index/support-material/support-material-department-of-culture-arts-and-leisure/quality-indicators-for-culture-arts-leisure-organisations.pdf>

Tá na measúnuithe cigireachta bunaithe ar fhianaise a fuarthas ó bhreathnóireacht seisiún, ar obair an rannpháirtí agus ar cháipéisíocht ábhartha. Lena chois sin, bhí plé ag an fhoireann chigireachta le grúpaí de na rannpháirtithe, le héascaitheoirí agus le clárbhainisteoirí.

## Clár na nÁbhar

| <b>Rannán</b> | <b>Lch.</b> |
|---------------|-------------|
| 1. Comhthéacs | 1           |
| 2. Buntorthaí | 1           |
| 3. Conclúid   | 2           |

## 1. Comhthéacs

Bunaíodh Foras na Gaeilge i 1999 mar chuid de Chomhaontú Aoine an Chéasta agus is é atá freagrach as cur chun cinn na Gaeilge ar fud na hÉireann. Is iad an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta i bPoblacht na hÉireann na Comh-Ranna Coimircíochta. Cuireann Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil do champaí samhraidh Gaeilge a fhóireann do dhaoine óga, 3-18 mbliana, atá ina gcónaí taobh amuigh de cheantair Ghaeltachta arb aidhm dóibh a gcumas Gaeilge a neartú trí réimse gníomhaíochtaí.

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI) measúnú ar na campaí samhraidh Gaeilge a mhaoiníonn Foras na Gaeilge le linn 2012-13.

## 2. Buntorthaí

Mhol baill foirne na gcampaí samhraidh go hard an tacaíocht agus an chumarsáid a bhí acu le Foras na Gaeilge. Ar fud na gcampaí samhraidh, tá córais dhaingne forbartha ag na foirne, bunaithe ar thaithí roimhe seo, maidir le riarachán agus clárú ionas gur fearr a thig leo a gclár a phleanáil agus a mheasúnú. Tá róil agus freagrachtaí soiléire ag na baill foirne agus coinníonn siad leibhéil mhaithe chumarsáide lena chéile, leis na daoine óga agus lena dtuismitheoirí.

Tá forbairt scileanna teanga na ndaoine óga comhtháthaithe go maith sna tionscadail agus úsáidtear go nádúrtha agus go héifeachtach í i suíomhanna neamhfhoirmiúla leis na daoine óga a spreagadh. Mar shampla, le linn na ngníomhaíochtaí taobh amuigh den ionad, tugtar tacaíocht mhaith do na daoine óga nach bhfuil a scileanna Gaeilge chomh forbartha céanna chun bunchomhrá Gaeilge a dhéanamh. Mar chuid den chleachtas is fearr, shocraigh an fhoireann spriocanna cuí do gach aoisghrúpa, agus déanann siad measúnú ar na torthaí agus gnóthachtálacha a dhéantar agus iad a cheiliúradh go maith leis na daoine óga agus lena dtuismitheoirí.

Ó thús deireadh an tsoláthair, cothaíonn agus coinníonn na daoine óga, ar de réimse cúlraí sóisialta iad, cairdis nua. Baineann siad sult as bheith páirteach i réimse leathan gníomhaíochtaí agus tríothu seo tagann feabhas ar a scileanna teanga. Lena chois sin, baineann siad tairbhe as na deiseanna forbairt phearsanta agus shóisialta a chuireann lena bhféinmheas agus lena muinín.

Tá deiseanna dea-leabaithe ann do dhaoine óga a scileanna ceannasaíochta féin a fhorbairt; agus ar fud na gcampaí samhraidh glacann na rannpháirtithe is sine freagracht níos mó as a bpiaraí atá níos óige, chomh maith lena scileanna teanga féin a fhorbairt. Is maith an eiseamláir iad na daoine óga seo do ná páistí is óige agus spreagann siad iad a scileanna féin a fhorbairt ar an dóigh chéanna.

Tá réimse maith cur chuige agus gníomhaíochtaí difreálaithe le cruthaitheacht a spreagadh sa chleachtas is fearr dá bhfacthas agus meaitseáiltear go maith é le hábaltachtaí agus riachtanais na ndaoine óga. Tá clár dea-chothromaithe forbairt teanga ann a riarann ar dhul chun cinn agus áirítear leis: scéalaíocht; drámaíocht; ealaíona agus ceardaíocht; agus ceol, le smaointeoireacht chruthaitheach agus níos mó féinmhuiníne a chur chun cinn.

Soláthraítear, trí bhunús na dtionscadal, gníomhaíochtaí atá cuí o thaobh aoise de, atá dea-struchtúrtha agus a bhfuil go leor acmhainní acu. Baineann foireann na gcampaí samhraidh feidhm éifeachtach as ionaid áitiúla oideachasúla, ar nós larsmalann Uladh agus ionad *Titanic* i mBéal Feirste, atá suimiúil, spreagúil agus a dhaingníonn go leor gnéithe den churaclam fhoirmiúil.

Tá naisc mhaithe idir na campaí samhraidh agus soláthar eile Gaeilge máguaird agus tá naisc mhaithe cothaithe acu le gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an tseirbhís óige áitiúil. Tugann na naisc seo deiseanna do dhaoine óga baint a bheith acu lena gcuid piaraí; agus le sárthaispeántas a dhéanamh dá dtorthaí agus dá ngnóthachtálacha, mar shampla, ag glacadh páirte i gcomórtas amhránaíochta agus drámaíochta. Bua ar leith de chuid na gclár úsáid na Gaeilge i suíomhanna sóisialta taobh amuigh den seomra ranga nó den bhaile, rud a dhaingníonn an Ghaeilge in eispéiris laethúla na ndaoine óga seo.

Ceiliúrann na campaí samhraidh uile gnóthachtálacha a gcuid daoine óga agus tá siad luite ar a machnamh féin, agus machnamh na dtuismitheoirí, a úsáid leis an soláthar a fhorbairt agus a fheabhsú. Tuairiscíonn na baill foirne agus na daoine óga go síleann tuismitheoirí a mhór de na cláir agus go bhfuil leibhéil arda chomhthacaíochta ann. Tá dea-cheannasaíocht ar na cúrsaí; comhlíonann siad ionchais na ndaoine óga, a dtuismitheoirí agus lucht eagraithe na gcampaí samhraidh. Dá thoradh seo, tá na daoine óga ag forbairt scileanna cuí teanga i suíomhanna neamhfhoirmiúla a fhóireann dá n-aois agus dá gcumas.

### **3. Conclúid**

Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá cáilíocht an tsoláthair a chuireann an eagraíocht seo ar fáil iontach maith. Tá an eagraíocht ag freastal go han-éifeachtach ar riachtanais na ndaoine óga; agus tá a hacmhainn ar an fhéinfheabhsú inbhuanaithe léirithe aici.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2014

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codana, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofarfoinse agus dáta na tuairisce ann.

Tá cóipeanna den tuairisc seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cigireachta:  
[www.etini.gov.uk](http://www.etini.gov.uk)

